Nuashonrú ar Chairt Cuntas FSSU – infheidhme ón 1 Meán Fómhair 2025

1. Réamhrá

Tá cairt na gcuntas nuashonraithe don scoilbhliain nua ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2026. Tá cairt na gcuntas ar fáil ar shuíomh gréasáin FSSU, **cliceáil anseo.**

Tabhair do d'aire go bhfuil na hathruithe go léir nuashonraithe ar Theimpléad Tuairiscithe Míosúil FSSU. Cliceáil anseo. le haghaidh Theimpléad Tuairiscithe Mhíosúil 2025/2026

Tá liosta athruithe leagtha amach sna táblaí in Aguisín 1 a ghabhann leis an treoirlíne seo.

- **Tábla A:** Cuntais ainmniúla nua curtha le cairt na gcuntas.
- **Tábla B:** Cóid ainmniúla atá bainte agus nár chóir a úsáid a thuilleadh.
- **Tábla C:** Athruithe ar an gcur síos ar chóid ainmniúla.

Tá sé tábhachtach go ndéantar cairt chuntas na scoile a ailíniú le Cairt Chuntas FSSU agus nach n-athainmnítear nó nach n-úsáidtear na cóid seo chun críocha eile.

Úsáidfidh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile cairt athbhreithnithe na gcuntas nuair a bheidh cuntais bhliantúla na scoile don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2026 á n-ullmhú. Tá tairseach aighneachta ar líne an FSSU do chuntasóirí chun cuntais na scoile a chomhdú a bheidh ailínithe le cairt athbhreithnithe na gcuntas. Dá bhrí sin, moltar duit liosta reatha na gcód ainmniúil i bpacáiste cuntas do scoile a chur i gcomparáid le cairt na gcuntas athbhreithnithe lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe le chéile.

Ba cheart do scoileanna a úsáideann pacáiste bogearraí cuntasaíochta amhail Sage 50 nó Surf Accounts a leabhrán úsáideora nó a soláthraí bogearraí a cheadú chun treoracha a fháil faoi na athruithe sin a dhéanamh.

2. Chun tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil

Déan teagmháil leis an FSSU le do thoil má tá tuilleadh treorach agus tacaíochta uait maidir le hailíniú chairt na gcuntas.

Financial Support Services Unit
Guthán: 01-910 4020
primary@fssu.ie

An 15 Meán Fómhair 2025

Aguisín 1
Athruithe ar Chairt na gCuntas

TÁBLA A CÓDANNA NUA A CUIREADH LE CAIRT NA gCUNTAS				
Cód	**Cur Síos**	**Cineál**	**Catagóir**	**Tagairt**
4200	Costas Fostóra Pinsin Coimhdire Bus	Caiteachas	Caiteachas Oideachais Eile	Le húsáid le haghaidh ranníocaíochtaí fostóra chuig scéim pinsin lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dó, Clárú Uathoibríoch
4201	Costas Fostóra Eile Pinsin	Caiteachas	Caiteachas Oideachais Eile	Le húsáid le haghaidh ranníocaíochtaí fostóra chuig scéim pinsin lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dó, Clárú Uathoibríoch
4611	Costas Neamhchaipitiúil Ranga Speisialta	Caiteachas	Caiteachas Oideachais Eile	Le haghaidh tuilleadh treorach, féach Treoirlíne 40-2024/2025
2187	Deontas do Spagaí Fóin Póca gan Chaitheamh	Dliteanas Reatha	Fabhruithe	Le húsáid chun cuntas a thabhairt ar dheontas réitigh stórála fón póca nár caitheadh. Le haghaidh tuilleadh treorach, féach Treoirlíne 41-2024/2025
2241	Cuntas Rialaithe Pinsin Uathchláraithe	Dliteanas Reatha	Fabhruithe	Le húsáid chun cuntas a thabhairt ar na ranníocaíochtaí atá dlite do NAERSA (dáta tosaithe molta Eanáir 2026)

TÁBLA B CUNTAIS AINMNIÚLA NÁR CHÓIR IAD A ÚSÁID I gCAIRT na gCUNTAS A THUILLEADH			
Cód	**Cur Síos**	**Cineál**	**Catagóir**
3150	Ioncam ó Dheontas Leabhar na Sraithe Sinsearaí	Ioncam	An Roinn Oideachais
4730	Costas Dheontas Leabhar na Sraithe Sinsearaí	Caiteachas	Caiteachas Oideachais Eile
2181	Deontas Chúntóir COVID gan Chaitheamh	Dliteanas Reatha	Fabhruithe
2182	Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh PPE gan Chaitheamh	Dliteanas Reatha	Fabhruithe
2183	Deontas Mhaoirseacht Fheabhsaithe COVID gan Chaitheamh	Dliteanas Reatha	Fabhruithe
2184	Deontas Caipitíochta COVID um Ghlantachán Breise gan Chaitheamh	Dliteanas Reatha	Fabhruithe
2185	Uaireanta Athsholáthair COVID nár Caitheadh	Dliteanas Reatha	Fabhruithe

TÁBLA C ATHRÚ AR THUAIRISC AR AN gCUNTAS AINMNIÚIL		
Cód	**Cur síos Reatha**	**Athraigh an Cur Síos go:**
3170	Deontas na nÁbhar Speisialta	Deontas d'Ábhair Eile
3245	Deontas Fisice/Ceimice	Costais Deontais d'Ábhair Eolaíochta
3295	Ioncam ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Deontas ón Roinn Leanaí (RLGÓ)
3300	Táillí Oideachais (Scoileanna Táille)	Táillí Oideachais (Scoileanna Táille)
3330	Ioncam ó Scéim na Leabhar ar Cíos	Ioncam Scéim na Leabhar ar Cíos (Scoileanna Táille)
4110	Costas Múinteoirí Ionaid	Costas Pá Múinteoirí Ionaid
4111	Costas Múinteoirí a Íoctar go Príobháideach	Costas Pá Múinteoirí a Íoctar go Príobháideach
4112	Costais Tuarastail Séiplínigh	Costas Pá Séiplínigh
4113	Costas Tuarastail Riaracháin na Scéime Leabhar Scoile in Aisce	Costas Pá Riaracháin Scéim na Leabhar Scoile in Aisce
4150	Costas Tuarastal Maoirseachta agus Ionadaithe	Costas Pá Maoirseachta agus Ionadaithe
4155	Costais Tuarastail Scrúdaithe Stáit	Costais Pá Scrúdaithe Stáit
4170	Costas Tuarastal Oideachais Aosaigh	Costas Pá Oideachais Aosaigh
4180	Costais Tuarastail Cóitseála Spóirt	Costais Pá Cóitseála Spóirt
4181	Costais Thuarastail an Cheaintín	Costas Pá Ceaintín
4190	Costas Tuarastal Staidéir/Club Iarscoile	Costas Pá Staidéir/Club Iarscoile
4191	Costais Tuarastail Campaí Samhraidh	Costas Pá Campaí Samhraidh
4196	Costas Tuarastail Tionlacaithe Bus	Costas Pá Coimhdire Bus
4198	Costais Tuarastail Oideachais Eile	Costas Eile Pá Oideachais
4199	Costais Tuarastail Maoinithe ag FSS	Costas Pá arna Maoiniú ag FSS
4390	Costas Eolaíochta	Deontais d'Ábhair Eolaíochta
4740	Costas Scéim na Leabhar ar Cíos	Costas Scéim na Leabhar ar Cíos (Scoileanna Táille)
4911	Costas Ghníomhaíochtaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige	Costas don Roinn Leanaí (RLGÓ)
5030	Costas Pinsin na bhFeighlithe	Costas Fostóra Pinsin Feighlí
5112	Costas Pinsin Glantóirí	Costas Fostóra Pinsin Glantóirí
2186	Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealamh Cosanta Pearsanta gan Chaitheamh	Deontais Chaipitíochta Covid gan Chaitheamh
6050	Costas Pinsin Oifigeach Cléireachais/Rúnaíochta	Costas Fostóra Pinsin Oifigeach Cléireachais/Rúnaíochta